# Fada agus Gairid

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Tomhais - meastachán, fad<br>*Naisc Thraschuraclaim, Teanga agus Litearthacht, An Domhan Thart Orainn, Na hEalaíona* |
| **Scileanna Forbartha** | • labhairt ar na hábhair agus an trealamh atá ar fáil le gníomhaíocht a dhéanamh agus iad a úsáid<br>• eagar a léiriú ina gcuid oibre praiticiúla<br>• a gcuid oibre a léiriú trí phictiúir agus réada a úsáid. |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | fada, níos faide, is faide, gairid, níos gairide, is gairide, dearg, oráiste, buí, corcra, glas, gorm, dubh |
| **Áiseanna** | clár bán, marcóir, páipéar, stiallacha páipéir daite, gliú, criáin, pinn luaidhe |

## Cur Síos ar an Ghníomhaíocht

1. **Gníomhaíocht 1**

   Plé ranga ar rudaí atá fada agus sainaithin iad sa timpeallacht.
   Faigheann na daltaí stiall páipéir atá chomh fada lena sciathán agus déanann siad cuardach sa tseomra ranga faoi choinne rudaí atá níos faide ná a stiall páipéir.
   Déanann na daltaí a gcuid freagraí a thaifeadadh ar chlár bán/ar leathanach.

2. **Gníomhaíocht 2**

   Amharcann na daltaí thart ar an tseomra ranga agus aimsíonn siad rudaí atá níos gairide ná a stiall páipéir.

3. **Gníomhaíocht 3**

   Tugtar rogha de stiallacha páipéir daite do na daltaí agus iarrtar orthu iad a shórtáil in dhá ghrúpa, grúpa amháin le stiallacha páipéir fada agus grúpa eile le stiallacha páipéir gairide.

4. **Gníomhaíocht 4**

   Úsáideann daltaí na stiallacha páipéir le dealbh pháipéir a dhéanamh agus úsáideann siad na focail fada, gairid, níos faide, níos gairide, is faide agus is gairide le cur síos a dhéanamh air.

5. **Gníomhaíocht 5**

   Tugtar rogha de stiallacha páipéir d'fhaid éagsúla (1 cm go 10 cm go garbh) do na daltaí. Cuireann na daltaí na stiallacha páipéir in ord ón cheann is faide go dtí an ceann is gairide agus cruthaíonn siad colláis chrainn.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cad é an rud is faide a d'aimsigh tú?<br>• Cad é an rud is gairide a d'aimsigh tú?<br>• An dtig leat rud atá níos faide ná x a thaispeáint dom?<br>• An dtig leat rud atá níos gairide ná y a thaispeáint dom?<br>• An dtig leat x, y agus z a chur in ord ón cheann is gairide go dtí an ceann is faide? | • Mínigh an fáth ar roghnaigh tú na rudaí seo atá níos faide/gairide ná tusa.<br>• Cad é mar atá a fhios agat go bhfuil x níos faide/níos gairide ná y?<br>• Dá dtiocfadh leat ord na stiallacha páipéir a athrú, cad é a d'athrófá, cad é mar a rachadh sé i bhfeidhm ar an phictiúr?<br>• Aimsigh trí rud atá ar comhfhad leis an stiall páipéir is faide atá agat, cad é mar atá a fhios agat? |

## Difreáil

Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí. Thig leis na daltaí rud amháin nó dhó atá níos gairide/níos airde ná iad féin a roghnú do Ghníomhaíocht 4 a bheidh le cur ina bpictiúr.